



C/2025/5221

6.10.2025

**Iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht München (an Ghearmáin) a taisceadh an 28 Iúil 2025 – XXX v
Hauptzollamt München**

(Cás T-562/25, Hauptzollamt München)

(C/2025/5221)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Finanzgericht München

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: XXX

Cosantóir: Hauptzollamt München

An cheist a tharchuirtear:

An bhfuil coincheap na húsáide ‘mar bhreosla téimh’, de réir bhrí na chéad fhleisce d’Airteagal 2(4)(b) de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas ⁽¹⁾, le léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aige maidir le Própán a dhóitear nuair a dhéantar dóire a thástáil i bhfiordhálaí d’fhonn sonraí tomhais a tháirgeadh agus nach n-úsáidtear, ina dhiaidh sin, an teas dócháin a ghintear?

⁽¹⁾ IO 2003 L 283, lch. 51.